

CINNÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/216 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Feabhra 2022

maidir le faireachas feabhsaithe a fhadú don Ghréig

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 865)

(Is ag an téacs sa Ghréig a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tar éis do chúnamh airgeadais an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh dul in éag an 20 Lúnasa 2018, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1192 ón gCoimisiún ⁽²⁾, gníomhachtaíodh faireachas feabhsaithe don Ghréig ar feadh tréimhse 6 mhí, ón 21 Lúnasa 2018. Rinneadh an faireachas feabhsaithe a fhadú sé huair tar éis sin ⁽³⁾, gach uair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, an uair dheireanach ón 21 Lúnasa 2021.
- (2) Ó bhí 2010 ann, fuair an Ghréig méid suntasach cúnaimh airgeadais, agus is é EUR 240 875 mhiliún méid iomlán na ndlíteanas gan íoc de chuid na Gréige leis na Ballstáit sa limistéar euro, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach mar thoradh ar an gcúnamh sin. Fuair an Ghréig cúnaimh airgeadais óna comhpháirtithe Eorpacha ar théarmaí lámháiltais agus glacadh bearta sonracha chun an fiachas a chur ar bhonn inbhuanaithe in 2012 agus arís ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach in 2017. An 22 Meitheamh 2018, comhaontaíodh go polaitiúil sa Ghrúpa Euro bearta breise a chur chun feidhme chun inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú. Cuid de na bearta seo, lena n-áirítear aistriú méideanna atá coibhéiseach leis an ioncam a thuilleann bainc cheannais náisiúnta sa limistéar euro ar bhannaí rialtais na Gréige arna shealbhú faoin gComhaontú maidir le Glansócmhainní Airgeadais agus faoi Chlár na Margaí Urrús, féadfar iad a chomhaontú dhá uair sa bhliain sa Ghrúpa Euro, ar bhonn tuairiscíú dearfach faoin bhfaireachas feabhsaithe maidir le comhlíontacht na Gréige lena gealltanais beartais iarchláir. Scaoileadh an chéad sé thráinse de bhearta fiachais atá teagmhasach le beartas tar éis comhaontú ag an nGrúpa Euro i mí Aibreáin 2019, mí na Nollag 2019, mí an Mheithimh 2020, mí na Samhna 2020, mí an Mheithimh 2021 agus mí na Nollag 2021 faoi seach.
- (3) Thug an Ghréig gealltanais sa Ghrúpa Euro chun leanúint le gach príomh-athchóiriú arna ghlacadh faoi chlár coigeartaíthe eacnamaíoch an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (“an clár”) agus iad a chomhlánú, agus chun cuspóirí na n-athchóirithe tábhachtacha arna nglacadh faoin gclár sin agus faoi na cláir a tháinig roimhe a choimirciú. Thug an Ghréig gealltanais freisin chun gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme sna réimsí seo a leanas — beartais fhioscacha agus beartais maidir leis an struchtúr fioscach, leas sóisialta, cobhsaíocht airgeadais, margaí saothair agus táirgí, príobháidí agus riarachán poiblí. Maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha sin, atá leagtha amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas ón nGrúpa Euro an 22 Meitheamh 2018, rannchuideoidh siad chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíochta iomarcacha na Gréige agus foinsí nó foinsí féideartha na ndeacrachtaí eacnamaíochta. Na gealltanais sin, arb iad is bonn le scaoileadh na mbeart breise um fhaoiseamh fiachais, bunaíodh iad suas go dtí lár 2022 agus tá an Ghréig sa bhliain dheireanach den chomhaontú sin dá bhrí sin. Chuir na húdaráis in iúl go bhfuil sé i gceist acu a n-iarrachtaí a dhíriú ar na gealltanais atá le híoc a chur i gcrích faoi lár 2022. Ní mór an dul chun cinn i dtreo chomhlánú na ngealltanais chomh maith leis an timpeallacht beartais eacnamaíoch níos leithne a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le scaoileadh na mbeart um fhaoiseamh fiachais chomh maith leis an bhfaireachas feabhsaithe a chríochnú.

⁽¹⁾ IO L 140, 27.5.2013, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 211, 22.8.2018, lch. 1.

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/338 ón gCoimisiún (IO L 60, 28.2.2019, lch. 17); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1287 ón gCoimisiún (IO L 202, 31.7.2019, lch. 110); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/280 ón gCoimisiún (IO L 59, 28.2.2020, lch. 9); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/5086 ón gCoimisiún (IO L 248, 31.7.2020, lch. 20); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/271 ón gCoimisiún (IO L 61, 22.2.2021, lch. 3); agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1279 ón gCoimisiún (IO L 280, 3.8.2021, lch. 2).

- (4) An 2 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún grinn-athbhreithniú 2021 maidir leis an nGréig⁽⁴⁾. Ba é conclúid an Choimisiúin go leanann an Ghréig de bheith faoi réir míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha. Bhain na míchothromaíochtaí sin le féichiúnas ard rialtais, an scair ard d'iasachtaí neamhthuillmheacha agus athchothromú seachtrach neamhiomlán, i gcomhthéacs ráta dífhostaíochta atá ard go fóill, d'ainneoin go bhfuil sé ag laghdú, agus acmhainneacht fáis íseal. San anailís a rinneadh i dTuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh⁽⁵⁾, sainaitníodh an Ghréig mar cheann de na Ballstáit ar a ndéanfaí scrúdú breise maidir le marthanacht rioscaí maicreacnamaíocha agus dul chun cinn i leith leachtú na míchothromaíochtaí iomarcacha i ngrinn-athbhreithniú Earrach 2022. Bhí roinnt breithnithe mar bhonn leis an measúnú sin, lena n-áirítear: Ar an gcéad dul síos, mhéadaigh cóimheas fiachais an rialtais-OTI 26 phointe céatadán in 2020, go 206,3 % de OTI, rud a léiríonn doimhneacht an chúilaithe eacnamaíochta agus tionchar na mbeart chun costas eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19 a theorannú. Cé go bhfuil an fiachas poiblí ard, chuir creidiúnaithe oifigiúla síneadh le scair mhór de ar rátaí lamháiltais, rud a chosnaíonn an Ghréig ar luaineachtaí gearrthéarmacha, i gcomhpháirt leis an airgead tirim maolánach mór. Táthar á thuair go dtosóidh cóimheas fiachais an rialtais ag laghdú in 2021. Ar an dara dul síos, d'éirigh brabúsacht na hearnála baincfeireachta diúltach in 2020 agus tá an cóimheas caipitil de ghnáthchothromas leibhéal 1 ar cheann de na cóimheasa is ísle san Aontas, rud atá mar thoradh go páirteach ar ghlanadh chlár chomhardaithe na mbanc. Cé go bhfuil sé ard go fóill, 15 % i mí Mheán Fómhair 2021⁽⁶⁾, tháinig laghdú suntasach ar chóimheas iasachtaí neamhthuillmheacha in 2020 agus lean sé de bheith ag laghdú in 2021. Ar an tríú dul síos, chuaigh inbhuanaitheacht sheachtrach in olcas in 2020 de dheasca gur laghdaigh an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta diúltach (mar chóimheas OTI) a thuilleadh mar gheall ar chrapadh OTI agus an meath suntasach den easnamh sa chuntas reatha go – 6,6 % de OTI. É sin ráite, le filleadh na turasoireachta, tuartar go laghdófar an t-easnamh sa chuntas reatha in 2021 agus in 2022. Ar deireadh, lean an ráta dífhostaíochta de bheith ag laghdú fiú le linn na paindéime, rud a bhaineann go príomha le bearta tacaíochta an rialtais. De réir na sonraí is déanaí maidir leis an tríú ráithe de 2021, is é 13,0 % ráta dífhostaíochta na Gréige, trí phointe céatadán níos ísle ná an ráithe chéanna in 2020. Lean an rialtas de bheith ag déanamh bearta a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht iomarcach d'ainneoin na paindéime leanúnaí. Agus aghaidh á tabhairt ar an am atá amach romhainn, tugtar deis le plean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige aghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta agus athchóirithe.
- (5) D'fhoilsigh an Coimisiún an 12ú measúnú faoi fhaireachas feabhsaithe don Ghréig⁽⁷⁾ an 24 Samhain 2021. Ba é a chonclúid go ndearna an Ghréig dul chun cinn breise i dtreo a gealltanais shonracha a bhaint amach, d'ainneoin moilleanna a tháinig chun cinn i roinnt réimsí, moilleanna a bhí nasctha go páirteach leis na himthosca dúshlánacha a tharla i ngeall ar an bpaindéim nó na tinte tubaisteacha i mí Lúnasa 2021. D'éirigh leis na húdaráis maidir le gealltanais shonracha in earnáil an fhuinnimh agus bainistíocht airgeadais phoiblí, le linn dóibh dul chun cinn tábhachtach a bhfuil gá leis a dhéanamh i dtreo fhorhmhór na ngealltanais sonrach a thug sé a chomhlánú faoi mhí Aibreán 2022.
- (6) An 23 Nollaig 2021, bhunaigh an tAontas Ionstraim Théarnaimh, lena soláthraítear EUR 750 billiún chun dul i ngleic le hiarmhairtí eacnamaíocha díobhálacha ghéarchéim COVID-19 agus chun borradh a chur faoin téarnamh. Tá an Ionstraim le cur chun feidhme go háirithe tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (“an tSaoráid”) ar fiú EUR 672,5 billiún é. Rinneadh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch 2020-2021 a oiriúnú go sealadach chun go bhféadfaí an tSaoráid a sheoladh. Tríd an tSaoráid, tá an Ghréig i dteideal suas go EUR 17,8 billiún a fháil i dtacaíocht neamh-inaisíochta agus suas go EUR 12,7 billiún in iasachtaí in 2021-2026.
- (7) D'fhorghabh an Chomhairle Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Gréige (“an plean”) an 13 Iúil 2021⁽⁸⁾. Mheas an Chomhairle go háirithe go rannchuidíonn an plean chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fho-thacar suntasach dúshlán eacnamaíoch agus sóisialta arna shainiú sna moltaí a bhaineann go sonrach leis an tír, lena n-áirítear gnéithe fíochacha de, agus moltaí arna ndéanamh de bhun an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. Leis na hathchóirithe áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Gréige, forbraítear an iarracht athchóirithe an-mhór arna déanamh faoi na cláir choigeartaithe eacnamaíocha agus tá na hathchóirithe sa phlean comhlántach le hathchóirithe arna ndéanamh faoi fhaireachas feabhsaithe. An 29 Nollaig 2021, chuir an Ghréig a céad iarraidh ar íocaíocht isteach faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
- (8) An 24 Samhain 2021, scrúdaigh an Coimisiún Dréachtphlean Buiséadach 2022 na Gréige, lenar cuireadh san áireamh cur i bhfeidhm leanúnach an chlásaí éalaithe ghinearálta agus lenar díriodh ar an gcomhshéimhacht le moltaí na Comhairle an 18 Meitheamh 2021. De réir mheasúnú an Choimisiúin⁽⁹⁾, tuartar go mbeidh staid fhioscach thacúil ag an nGréig in 2022. Mar a mhol an Chomhairle, is mian leis an nGréig tacaíocht leanúnach a

(4) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhordú an Bheartais Eacnamaíoch in 2021: COVID-19 a Shárú, Tacú leis an Téarnamh agus ár nGeilleagar a Nuachóiriú, COM(2021)500. Grinn-Athbhreithniú don Ghréig, SWD(2021)403.

(5) Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2022, COM/2021/741.

(6) Foinse: Banc na Gréige, arna thomhas ar leibhéal aonair.

(7) An Coimisiún Eorpach: Tuarascáil Faireachais Fheabhsaithe — An Ghréig, Mí na Samhna 2021, COM(2021)916.

(8) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig a fhorghabh.

(9) Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Gréige, C(2021)9503.

sholáthar don téarnamh tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú. Mar a mhol an Chomhairle, is mian leis an nGréig infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta a chaomhnú freisin. Thug an Coimisiún dá aire, i bhfianaise leibhéal fiachais rialtais na Gréige agus na ndúshlán inbhuanaitheachta mór sa mheántearma sular tháinig ráig phaindéim COVID-19, agus bearta tacaíochta buiséadacha á ndéanamh, go bhfuil sé tábhachtach beartas fíoscach stuama a chaomhnú chun airgeadas poiblí inbhuanaithe a áirithiú sa mheántearma. Mheabhraigh an Coimisiún freisin an tábhacht a bhaineann le comhdhéanamh an airgeadais phoiblí agus cáilíocht na mbeart buiséadach.

- (9) Ó thosaigh an phaindéim, choinnigh an Ghréig a láithreach ar na margáí bannaí agus d'fhorghníomhaigh sé sa bhreis ar a phlean maoinithe in 2021, ag tiomsú EUR 14 bhiliún ar an margadh oscailte. Lean rátáil cheannasach na Gréige de bheith ag feabhsú in 2021 d'ainneoin na paindéime, lenar laghdaíodh an bhearna don ghrád infheistíochta. Tacaítear leis na coinníollacha fabhracha maoiniúcháin atá ann faoi láthair le bearta leachtachta arna n-aontú ar leibhéal Eorpach, lena n-áirítear Clár Ceannaigh Éigeantach an Bhainc Ceannais Eorpaigh um an bPaindéim. Ar bhonn na hanailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais arna cur i láthair sa 12ú tuarascáil faireachais fheabhsaithe, meastar go leanfaidh ollriachtanais mhaoiniúcháin an rialtais de bheith ard sa ghearrthearma, rud a bhaineann go príomha leis an easnamh príomha ard a thuairtar le haghaidh 2021 agus 2022, agus le taifeadadh na sreafaí airgeadais faoin tSaoráid lasachta arna gcur i láthair sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, d'ainneoin go measfar go gcumhdófar an maoiniúchán breise le heisíoc iasacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Sna blianta atá le teacht, measfar go mbeidh riachtanais airgeadais measartha agus go bhfanfaidh siad faoi bhun 15 % de OTI go dtí 2030. Leanann an Ghréig de bheith ag coinneáil airgead tirim maolánach mór ar bun, rud lena gcosnaítear an Ghréig in aghaidh luaineachtaí gearrthéarmacha.
- (10) Tá earnáil baincÉireachta na Gréige tagtha chun bheith níos cobhsaí agus níos athléimní i gcoinne suaití ó tháinig deireadh le clár an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, ach is ann do rioscaí stairiúla agus bunleochaileachtaí móra go fóill, rudaí arna dtreisiú ag tionchar diúltach ráig an Choróinvírís. Lean taiscí de bheith ag fás go seasmhach agus tá leachtacht leordhóthanach á coinneáil ag na bainc, lena mbaintear leas as coinníollacha beartais airgid réidh. Tá ráta na n-iasachtaí neamhthuillmheacha san earnáil baincÉireachta laghdaithe go mór go 15 % i mí Mheán Fómhair 2021, síos ó 40,6 % i mí na Nollag 2019 ⁽¹⁰⁾, de bharr sraith urrúsuithe arna tacú ag scéim cosanta sócmhainní "Hercules". Meastar go leanfaidh tuilleadh idirbheart atá pleanáilte faoin scéim de bheith ag tacú le bainc Ghréagacha ina n-iarrachtaí cóimheasa digite amháin d'iasachtaí neamhthuillmheacha a bhaint amach in 2022, a d'fhanfaí os cionn mheán an Aontais mar sin féin. Níor tháinig an riosca maidir le tionchar diúltach mór ar cháilíocht sócmhainní tar éis dhul in éag na mbeart moratóirí fiachais chun cinn go dtí seo. É sin ráite, is ann do rioscaí ar an taobh thíos go fóill agus féadfaidh siad teacht chun cinn in 2022 tar éis deireadh a chur le clár tacaíochtaí stáit. Leanann acmhainneacht aiséicáíochta fiachais teaghlach agus corparáidí neamhairgeadais de bheith íseal, le linn don mhargadh caipitil tearcforbartha rochtain gnólachtaí ar mhaoiniúchán neamhfhiachais a theorannú. Riachtanais soláthair mhéadaithe atá mar thoradh ar urrúsuithe iasachtaí neamhthuillmheacha, rud atá ina ualach ar bhrabúsacht na mbanc agus ar staideanna a gcuntas caipitil sa ghearrthearma, ach rud lena gceadaítear do bhainc costas an phriacaíl a laghdú amach anseo agus spás a shaoRADH ar na cláir chomhardaithe sna bainc le haghaidh iasachtú nua. Treisíodh leis an bhfáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach le linn ghéarchéim na paindéime agus leanann cáilíocht caipitil foriomlán na mbanc de bheith íseal ach rinneadh gníomhaíochtaí caipitil feabhsaithe ráthúla in 2021. Leanann na húdaráis dá dtiomantas i leith athchóirithe ábhartha san earnáil airgeadais, amhair feidhmiú éifeachtach an chreata dócmhainneachta nua, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2021 agus a dtugtar tacaíocht dó anois leis an mbonneagar leictreonach ábhartha. Leis an athbhreithniú cuimsitheach ar Chód an Nós Imeachta Shibhialta a glacadh le déanaí, meastar go méadófar éifeachtúlacht imeachtaí forfheidhmithe, lena n-áirítear seoladh ríomhcheantanna, agus tá obair ag dul ar aghaidh chun an fheidhmiúlacht maidir le hardán na ríomhcheantanna a fheabhsú agus chun riaráiste na gcásanna dócmhainneachta teaghlaigh agus rátháíochtaí stáit gairthe a ghlanadh. Braithfidh tionchar na n-athchóirithe sin ar thráthúlacht agus éifeachtacht a gcur chun feidhme ach is rud dearfach é gur cuireadh tús leis an bpróiseas forfheidhmithe fiachais an athuir, tar éis na suaití le himeachtaí cúirte a bhain leis an bpaindéim.
- (11) Thairis sin, ghlac na húdaráis roinnt príomh-athchóirithe eile faoi fhaireachas feabhsaithe atá ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna le deacrachtaí eacnamaíocha na Gréige, d'ainneoin moilleanna i réimsí áirithe, go pointe áirithe mar gheall ar na dúshláin a easraíonn as an bpaindéim leanúnach agus, níos déanaí ná sin, na falsaíthe i samhradh 2021. Go sonrach, ghlac na húdaráis athchóirití pá maidir leis an Údarás um Ioncam Poiblí, lena gcuirtear ar a chumas dó foireann cháilithe a mhealladh agus a choinneáil, nó athchóirithe bainistíochta airgeadais poiblí lena bhfeabhsaítear an chuntasaíocht agus na córais faireacháin airgid. Thairis sin, mhéadaigh na húdaráis scair an tsoláthair láráithe go mór maidir le ceannach cúraim sláinte agus leanann siad de bheith ag déanamh go maith maidir le haon chaiteachas breise thar na teorainneacha caiteachais reachtacha a bhailiú ar ais ó sholáthraithe cúraim sláinte. Thairis sin, chríochnaigh siad leathadh amach na Scéime Ioncaim Dlúthpháirtíochta Sóisialta agus rinne siad athbhreithniú ar an gcóras fóirdheontas le haghaidh iompar poiblí áitiúil. Meastar go méadóidh na bearta sin éifeachtúlacht caiteachais poiblí agus bailithe ioncaim, agus go gcuirfidh siad le laghdú an chóimheasa fiachais aird amach anseo dá bhrí sin. Meastar go mbainfidh an margadh saothair leas as na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus cur chun feidhme ordúil na

⁽¹⁰⁾ Foinse: Banc na Gréige, arna thomhas ar leibhéal aonair.

nuashonruithe maidir leis an bpá íosta. Thairis sin, chríochnaigh an rialtas athchóiriú in earnáil an fhuinnimh agus ghlac sé reachtaíocht maidir le ceadúnú infheistíochta chun na nósanna imeachta ábhartha a shimpliú. Thug na húdaráis isteach critéir chomhshaoil freisin arna gcomhchuiibriú le reachtaíocht an Aontais sa mheasúnú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus mhéadaigh siad trédhearcacht an chreata cigireachtaí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus margáí táirgí. Meastar go laghdóidh na rudaí sin go léir ar bhonn ábharthach an t-ualach ar an earnáil tionsclaíochta, go dtacóidh siad le hinfeistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí agus le méadú táirgiúlachta amach anseo. D'éirigh leis na húdaráis roinnt idirbhearta príobháidithe suaitheanta a chur i gcrích freisin agus leanann siad de bheith ag feabhsú rialachas cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar bhonn leanúnach. Meastar go dtacófar a thuilleadh le héifeachtúlacht na hearnála poiblí le hathchóirithe lena méadófar neamhspleáchas agus cuntasacht bainistíochta sinsearaí sa riarachán poiblí agus le feidhmiú leanúnach measúnuithe ar fheidhmíocht oifigeach poiblí. Tá roinnt gealltanais shonracha nár comhlíonadh go fóill agus leanann na húdaráis de bheith ag déanamh dul chun cinn maidir lena gcur chun feidhme ⁽¹⁾. Na hathchóirithe a rinneadh faoi fhaireachas feabhsaithe, rinneadh iad a chomhlánú le hathchóirithe struchtúracha níos fairsinge, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcreat um sholáthar poiblí, rochtain ar sheirbhísí poiblí digiteacha, oideachas, bainistíú infheistíochtaí poiblí nó athchóirithe lena bhfeabhsaítear comhordú ar leibhéal an rialtais láir.

- (12) I bhfianaise an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur tháinig feabhas mór ar na coinníollacha lena dtugtar údar don fhaireachas feabhsaithe a bhunú de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ach gur ann dóibh go fóill. Go háirithe, neartaíodh cobhsaíocht airgeadais na Gréige, ach is ann do rioscaí ar an taobh thíos go fóill. Ag an am céanna, tá na rioscaí maidir le héifeachtaí iarmhartacha ar na Ballstáit eile sa limistéar euro laghdaithe go mór.
- (13) Dá bhrí sin, ní mór don Ghréig cur chun feidhme na mbearta a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas ón nGrúpa Euro an 22 Meitheamh 2018 lena dtugtar aghaidh ar fhoinsí nó foinsí féideartha deacrachtaí a chomhlánú, agus ní mór di tacaíocht a thabhairt do théarnamh eacnamaíoch láidir agus inbhuanaithe.
- (14) Chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí iarmharacha agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais a ndírítear orthu, is cosúil gur gá agus gurb iomchuí faireachas feabhsaithe na Gréige a fhadú de bhun Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.
- (15) Tugadh an deis don Ghréig a tuairimí maidir leis an measúnú ón gCoimisiún a léiriú, trí litir a seoladh an 21 Nollaig 2021. Sa fhreagairt ón nGréig an 10 Eanáir 2022, d'aontaigh sí den chuid is mó leis an measúnú ón gCoimisiún maidir leis na dúshláin eacnamaíocha atá roimpi, arb é is cúis leis an bhfaireachas feabhsaithe a fhadú.
- (16) Leanfaidh an Ghréig de bheith ag baint leas as tacaíocht theicniúil arna soláthar faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, Ionstraim a thabharfaidh tacaíocht go háirithe do na Ballstáit maidir le hullmhú agus cur chun feidhme a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.
- (17) Is mian leis an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, i gcomhthéacs a Chórais Luathrabhaidh, maidir leis an bhfaireachas feabhsaithe a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar tréimhse fhaireachas feabhsaithe na Gréige faoi Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 arna ghníomhachtú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1192 a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, dar tosach an 21 Feabhra 2022.

Airteagal 2

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

⁽¹⁾ Féach e.g. An Coimisiún Eorpach: Tuarascáil Faireachais Fheabhsaithe — An Ghréig, Mí na Samhna 2021, COM(2021)916, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig agus an measúnú ón gCoimisiún a ghabhann leis a fhorghnóthú SWD(2021)155.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Paolo GENTILONI
Comhalta den Choimisiún
